IRELAND AND BRITAIN
A Unique Economic Partnership

## Déanaimid níos mó trádála leis an RA ná mar a cheapfá:

- Déanann Éire agus an Bhreatain trádáil ar luach breis agus €1 billiún d'earraí agus de sheirbhísí gach seachtain.
- Tá an RA ar an margadh is tábhachtaí ata ag Éirinn, agus luach onnmhairí Éireannacha go dtí an RA ar an leibhéal is airde riamh.
- Mhéadaigh gnólachtaí Éireannacha ag obair le Fiontar Éireann luach a n-onnmhairí go dtí an RA de bheagnach an cúigiú cuid idir 2008 agus 2012 amháin.
- In 2013, cheannaigh an RA 50% dár n-onnmhairí mairteola iomlána.
- Chuaigh thart ar 42% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann – arbh fhiú €4.1 billiún iad – go dtí an Bhreatain anuraidh.
- Is go dtí an RA a théann 55% d'onnmhairí Éireannacha sna hearnálacha tógála agus adhmaid agus téann beagnach a leath d'onnmhairí leictreonacha agus teicneolaíochta glaine Éireannach go dtí an RA.
- Mhéadaigh cuideachtaí innealtóireachta Éireannacha luach a n-onnmhairí go dtí an RA go beagnach leathbhilliún euro anuraidh.
- Tá dúbailt tagtha ar líon na gcuideachtaí nuathionscanta Éireannacha a dhíríonn ar an RA le ceithre bliana anuas.
- Onnmhairíonn an RA níos mó go hÉirinn ná mar a dhéanann sí don tSín, don India agus don Bhrasaíl le chéile.
- I ndáiríre, is sinn an 5ú margadh is mó de chuid na RA, agus breis agus £17 billiún d'earraí agus de sheirbhísí na Breataine á n-onnmhairiú go hÉirinn in 2012.

*Sources:* Joint Economic Study – 'Evaluating the value of the economic relationship between the United Kingdom and Ireland' 2013, UK ONS, Tourism Ireland, IDA, Enterprise Ireland, Bord Bia, VisitBritain

- Ceannaímid níos mó bia agus deochanna neamh-alcólacha as an mBreatain ná ó aon tír eile – luach €3.6bn in 2012 amháin.

## Agus is ionann an trádáil seo agus jabanna in Éirinn agus sa RA:

- Tá beagnach 200,000 duine fostaithe in Éirinn de thoradh ár n-onnmhairí go dtí an RA.

- Meastar go bhfuil 208,000 post sa RA de thoradh onnmhairí go hÉirinn.

## Déanaimid níos mó infheistíochta ina chéile freisin ná mar a cheapfá:

- Tá 95 cuideachta de chuid na RA le tacú an IDA, lonnaithe in Éirinn a fhostaíonn breis agus 6,000 duine.

- Is é an RA an 3ú infheisteoir is mó in Éirinn, tar éis na SA agus na Gearmáine.

- In 2012/13 chuidigh infheistíocht ó ghnólachtaí Éireannacha i dtionscadail sa Bhreatain le beagnach 2,800 jab a chruthú agus a choinneáil.

## We Tugaimid cuairt ar a chéile níos minicí:

- Is í an Bhreatain an margadh turasóireachta is tábhachtaí atá ag Éirinn, agus beagnach 3 mhilliún duine as an mBreatain ar cuairt anseo in 2013, rud a chuir €819 milliún leis an ngeilleagar.
- Is í an RA an ceann scribe is mó a dtugann Éireannaigh a thaistealaíonn thar lear cuairt uirthi. In 2012, thug breis agus 2.4 milliún Éireannach cuairt ar an mBreatain agus chaith beagnach £800 milliún.

- Tá breis agus 14 milliún duine ar fud na Breataine tar éis fógraíocht teilifíse Thurasóireacht Éireann d'Éirinn a fheiceáil an t-earrach seo

*Sources:* Joint Economic Study – 'Evaluating the value of the economic relationship between the United Kingdom and Ireland' 2013, UK ONS, Tourism Ireland, IDA, Enterprise Ireland, Bord Bia, VisitBritain

agus ginfidh Turasóireacht Éireann poiblíocht dhearfach faoi Éirinn sa Bhreatain i mbliana ar fiú €32 milliún é, meastar.